Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**8649/1/25**
**REV 1**

**COMPET 337**
**BETREG 19**
**IA 39**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | *Ullmhúchán don Chomhairle Iomaíochais (an Margadh Inmheánach, an Tionsclaíocht, an Taighde agus an Spás) an 22 Bealtaine 2025*<br>An Chomhairle ina cáil mar scagaire maorlathais – conas rialacháin atá fabhrach do lucht gnó a bhaint amach le linn an phróisis reachtaigh ón tús<br>– *Díospóireacht bheartais* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta cúlra ón Uachtaránacht maidir le ‘An Chomhairle ina cáil mar scagaire maorlathais — conas rialacháin atá fabhrach do lucht gnó a bhaint amach le linn an phróisis reachtaigh ón tús’ i bhfianaise na díospóireachta beartais ag an gComhairle Iomaíochais an 22 Bealtaine 2025.

# PÁIPÉAR PLÉ

Cruinniú den Chomhairle Iomaíochais

An Bhruiséil, 22 Bealtaine 2025

*An Chomhairle ina cáil mar scagaire maorlathais — conas rialacháin atá fabhrach do lucht gnó a bhaint amach*

*le linn an phróisis reachtaigh ón tús*

Agus geilleagar dinimiciúil casta domhanda agus Eorpach ann sa lá atá inniu ann, is tosaíocht ríthábhachtach anois é an t-ualach rialála ar lucht gnó a laghdú chun iomaíochas an Aontais Eorpaigh a fheabhsú. Le rialacháin iomarcacha ilroinnte, méadaítear costais chomhlíonta, bíonn bacainní iontrála ar ghnólachtaí nua, díspreagtar gnólachtaí ó thrádáil trasteorann a dhéanamh agus cuirtear srian leis an nuálaíocht agus leis an bhfás. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, ní mór d'institiúidí an Aontais agus do na Ballstáit iarracht chomhpháirteach a dhéanamh timpeallacht dhlíthiúil ina dtacaítear le lucht gnó a bhunú, agus cuspóirí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil á mbaint amach ag ar bhealach costéifeachtach ag an am céanna. Ní mór tús áite a thabhairt sna tograí reachtacha, ón tús ar fad, don iomaíochas agus don inmharthanacht eacnamaíoch.

Sna conclúidí uaithi an 20 Márta 2025, leag an Chomhairle Eorpach béim ar an ngá atá le hualaí riaracháin, rialála agus tuairiscithe a shimpliú agus a laghdú go mór, mar ábhar práinne. D'iarr sí reachtaíocht chuíchóirithe ón Aontas, lena gcothófaí creat rialála atá soiléir, simplí agus fabhrach don nuálaíocht. Thairis sin, d'áitigh sí ar an gCoimisiún Eorpach agus ar na comhreachtóirí cloí le prionsabail na rialála níos fearr, ró-rialáil a sheachaint, agus a áirithiú nach ndéanfar difear díréireach d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide.

Is cúram práinneach é an creat rialála atá ann cheana a shimpliú. Mar sin féin, tá sé chomh tábhachtach céanna a áirithiú nach gcruthófar le rialacháin nua ualaí nach bhfuil gá leo do ghnólachtaí, go háirithe san fhadtéarma. Seachas rialacha a chruthú a mbeidh simpliú ag teastáil ina leith, ba cheart é a bheith ina thoradh ar an bpróiseas reachtach go mbunófaí ón tús creat rialála atá fabhrach do lucht gnó.

D'ainneoin gealltanais sheanbhunaithe maidir le rialáil níos fearr agus uirlisí spriocdhírithe a bheith ann, bíonn ualaí nó costais dhíréireacha i gceist fós le roinnt forálacha reachtacha. Tá sé curtha in iúl arís agus arís eile ag páirtithe leasmhara gnó go bhfuil imní orthu go bhféadfadh leasuithe substaintiúla, go háirithe na leasuithe sin a tugadh isteach gar do dheireadh an phróisis reachtaigh, cur isteach ar shamhlacha gnó ina n-iomláine agus gnólachtaí an Aontais a chur faoi mhíbhuntáiste iomaíochais i gcomparáid leis na gnólachtaí nach de chuid an Aontais iad. Ní hamháin go mbaintear an bonn de chuspóirí rialála an Aontais leis an treocht sin ach cuirtear i bhfáth freisin an tionchar a bhíonn ag an bpróiseas reachtach féin ar chostais chomhlíontachta atá ag dul i méid agus ar chastacht, éifeachtúlacht agus deimhneacht dhlíthiúil.

I bhfianaise an mhéid sin, léirítear leis an smaoineamh go ngníomhódh an Chomhairle mar 'Scagaire Maorlathais' a phráinní atá an ról a d'fhéadfadh a bheith aici maidir le hionchais an phobail gnó a chomhlíonadh, chomh maith le hionchais ár gceannairí, a shonraigh gur tosaíocht shoiléir é an simpliú rialála (agus rialáil níos fearr). Seachas togra foirmiúil, is meabhrúchán é an coincheap sin ar an oiread feabhais is féidir a chur ar an gcleachtas reatha chun na hionchais sin a chomhlíonadh agus ar a riachtanaí atá sé an treocht sin a aisiompú trí ualaí rialála nach bhfuil gá leo a shainaithint agus deireadh a chur leo ar fud an phróisis reachtaigh ar fad. Ní gá uirlisí ná straitéisí réabhlóideacha nua a thabhairt isteach chun a áirithiú go gcuirfidh an Chomhairle an cúram sin atá beartaithe i gcrích go héifeachtach.

Go deimhin, tá tacar láidir uirlisí ag an gComhairle cheana féin lenar féidir tacú le prionsabail na rialála níos fearr. Áirítear leis sin gealltanas measúnú a dhéanamh ar thionchair na leasuithe substaintiúla – fiú más leasuithe iad a dhéantar ag an nóiméad deireanach, i gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Baineann sé freisin leis an gcumas measúnuithe tionchair an Choimisiúin Eorpaigh agus an seicliosta táscach a úsáid chun scrúdú a dhéanamh ar phríomhghnéithe uile na hanailíse, lena n-áirítear tionchair ar FBManna agus ar iomaíochas (ar bhonn thástálacha FBManna agus seiceálacha Iomaíochais an Choimisiúin), gnéithe críochacha agus digiteacha. Leis na céimeanna sin tugtar treoir d'obair reachtach na Comhairle, lena n-áirítear a cumas measúnuithe tionchair neamhspleácha a dhéanamh i ndáil lena leasuithe substaintiúla. Trí na cumais sin atá ann cheana a ghiaráil go hiomlán, beidh an Chomhairle in ann feabhas suntasach a chur ar cháilíocht na dtograí, agus áiritheofar go mbeidh siad níos fabhraí do lucht gnó agus nach gcruthófar ualaí breise nach bhfuil gá leo.

D’fhéadfadh an Chomhairle úsáid níos mó a bhaint as a huirlisí um rialáil níos fearr agus gan rialacha róchasta a cheapadh a mbeadh simpliú ag teastáil ina leith níos moille. I ndáil leis an méid sin, ceist thábhachtach is ea cad é atá ag cur bac ar an gComhairle úsáid níos mó a bhaint as na huirlisí atá ar fáil di cheana féin agus gníomhú ina cáil mar ‘Scagaire Maorlathais’? Ar na príomhbhacainní sin, b’fhéidir, tá easpa sainmhínithe ar a bhfuil i gceist le leasú substaintiúil, easpa feasachta i bhfoirmíochtaí na Comhairle ar an ualach riaracháin agus na himpleachtaí costais a ghabhann lena dtograí, an dearcadh go bhféadfadh sé go dtógfadh sé tamall fada measúnú tionchair a dhéanamh ar leasú — tá fadhbanna ar leith ag baint leis sin i gcás tograí a chuirtear isteach ag an nóiméad deireanach, easpa feasachta ar struchtúir oibre uathrialacha na nósanna imeachta um measúnú tionchair, cur i bhfeidhm neamhréireach na rialacha maidir le rialáil níos fearr, agus beagán comhar idir foirmíochtaí agus meithleacha. I ndáil leis an méid sin, d’fhéadfadh Comhairle COMPET a ról a neartú trí ionchur a thabhairt d’fhoirmíochtaí eile de chuid na Comhairle chun ualaí a laghdú agus iomaíochas a fheabhsú, rud a chothódh creat rialála de chuid an Aontais a bheadh fabhrach do lucht gnó.

Tá sé ríthábhachtach na gealltanais faoin gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr a chomhlíonadh. Trí shimpliú agus dlús a chur leis an bpróiseas chun measúnú a dhéanamh ar leasuithe substaintiúla agus béim á leagan ar thionchair ghnó nó trí chineálacha áirithe tacaíochta institiúidí tiomnaithe a bhunú do chomhreachtóirí, d’fhéadfaí comhsheasmhacht a fheabhsú agus ualaí dhlí an Aontais a laghdú. Bheadh sin ag teacht le hiarraidh Mario Draghi costais reachtacha a thomhas go córasach, go háirithe do FBManna agus do chuideachtaí meánchaipitlithe.

Tá comhordú feabhsaithe idir na comhreachtóirí ríthábhachtach freisin chun dlíthe diana a chosc. Le malartú soiléir luath chun tionchair ghnó a d’fhéadfadh a bheith ann a shainaithint agus spriocanna a ailíniú, is féidir an chinnteoireacht a chuíchóiriú agus neamhréireanna a laghdú.

Ceist le plé:

1. Cad iad na príomhdhúshláin a chuireann cosc ar an gComhairle prionsabail na rialála níos fearr a chur chun feidhme go hiomlán, agus conas is féidir leis an gComhairle gníomhú go héifeachtach ina cáil mar scagaire maorlathais chun tairbhí nithiúla a chur ar fáil do chuideachtaí trí thimpeallacht rialála atá fabhrach do lucht gnó a chothú?